



# AG PLÉ NA CÚIRTEANNA

LEABHRÁN FAISNÉISE





BEIDH AR GACH DUINE AGAINN  
DUL CHUN NA CÚIRTE AR CHÚIS  
ÉIGIN UAIR ÉIGIN I RITH ÁR SAOL.  
D'FHÉADFAÍ A IARRAIDH ORAINNA  
BHEITH IN ÁR MBAILL DE GHIÚIRÉ,  
NÓ FIANAISE A THABHAIRT I  
GCÁS CÚIRTE, NÓ D'FHÉADFAIMIS  
CÁS A THABHAIRT AG IARRAIDH  
CÚITIMH DE THORADH TIMPISTE.  
IS É AIDHM AN LEABHRÁIN SEO NÁ  
A MHÍNIÚ CONAS AFHEIDHMÍONN  
CÓRAS NA GCÚIRTEANNA AGUS  
CAD A D'FHÉADFÁ A BHEITH AG  
SÚIL LEIS DÁ MBEADH ORT DUL  
CHUN CÚIRTE UAIR AR BITH.





# CLÁR

Céard a dhéanann na cúirteanna?	4
Struchtúr na gCúirteanna	5
An chaoi a d'fhéadfadh páirt a bheith agat i bpróiseas na cúirte	8
Treoir thapa do chás choiriúil	9
Cé hiad na daoine sa seomra cúirte?	10
Treoir thapa do chás sibhialta	12
Teagmhálacha úsáideach	13

## 1. CÉARD A DHÉANANN NA CÚIRTEANNA?



Tá a chóras cúirteanna féin ag gach aon tír agus tá an-difríocht idir roinnt acu agus an córas atá againne. Tá an aidhm chéanna acu go léir áfach: féachaint chuige go ndéantar an ceartas a riaradh. Bíonn dhá chineál cás cúirte againn in Éirinn: caingne sibhialta agus ionchúisimh choiriúla. Is é gnó na cúirte féachaint chuige go mbíonn toradh cothrom cóir réasúnta ar gach cás.

Má bhíonn easaontas idir daoine faoi cheisteanna fíorais nó ceisteanna dlí

a bhfuil baint acu lena gcearta dlíthiúla is féidir iad sin a réiteach trí phróiseas ar a dtugtar **caingean sibhialta**. I measc na gcásanna seo bíonn éilimh maidir le díobháil phearsanta de bharr timpistí bóthair, caingne de bharr bhriseadh conartha agus conspóidí faoi chearta slí nó ceadanna pleanála. De gnáth, tionscnaíonn daoine aonair caingne sibhialta in aghaidh daoine aonair eile nó in aghaidh eagraíochtaí. Ní bhíonn páirt ar bith ag an Stát ina leithéid de chásanna de ghnáth.


Is é an Stát a thugann na **hionchúisimh choiriúla** ar aghaidh, agus is é Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí a bhíonn i mbun na hoibre de ghnáth. Baineann na hionchúisimh seo de ghnáth le rudaí a mheastar a bheith mícheart nó in aghaidh an dlí mar dhúnmharú, éigniú, goid agus robáil. Is éard an aidhm atá leis an dlí coiriúil ná pionós a ghearradh agus is le téarma príosúnachta nó fíneáil a dhéantar é seo de ghnáth. Is í an aidhm is minice a bhíonn le héileamh sibhialta ná cúiteamh nó airgead dlite a fháil.

Is é an breitheamh féin gan giúiré ar bith a thugann breithiúnas in a lán cásanna ar nós caingne díobhálacha pearsanta agus mionchoireanna tráchta. Breitheamh agus giúiré a dhéanann coireanna tromchúiseacha coiriúla a thriail mar aon le roinnt cásanna sibhialta (ar nós leabhail agus clúmhillte). I gcásanna den sórt sin tabharfaidh an breitheamh treoir don ghiúiré ar cheisteanna dlí ach is é an giúiré a chaithfí dh na fíricí a mheas agus breith a thabhairt.

## 2. STRUCHTÚR NA GCÚIRTEANNA

Tá cúig chineál cúirte éagsúla in Éirinn, mar atá: an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda, An Chúirt Achomhairc agus an Chúirt Uachtarach. Bíonn gach cúirt díobh ag plé le cásanna de chineálacha faoi leith.

### CONAS A EAGRAÍTEAR ÁR GCÚIRTEANNA?





## AN CHÚIRT DÚICHE

Tá an Chúirt Dúiche eagraithe ar bhonn réigiúnach ar fud na tíre. Pléann sí le caingne sibhialta nach mó ná €15,000 an cúiteamh atá á éileamh. Pléann sí freisin le cásanna faoi cheadúnaithe alcóil agus le réimse leathan de chásanna dlí teaghlaigh, ina measc coimeád agus cothabháil leanaí agus iarratais ar orduithe urchoisc. Lena chois sin is ea a phléann an Chúirt Dúiche le cásanna mar thiomáint mheisciúil, tiomaint ró-thapa, ionsaithe, damáiste coiriúil, agus an chéad éisteacht a thugtar do chásanna faoi chuireanna tromchúiseacha coiriúla a thriailfear i gcúirteanna níos airde. Breitheamh amháin ina shuí ina aonar a phléann le cásanna mar seo. Féadfaidh tomhaltóirí leas a bhaint as nós imeachta sa Chúirt Dúiche ar a dtugtar an Nós Imeachta um Éilimh Bheaga chun suimeanna airgid chomh hard le €2,000 a fháil ar ais.

## AN CHÚIRT CHUARDA

Is ar bhonn réigiúnach atá an Chúirt Chuarda eagraithe. Déileálann sí le cásanna sibhialta nach mó ná €75,000 (€60,000 i gcásanna díobhála pearsanta) iad. Is féidir léi déileáil freisin le cásanna faoi cheadúnaithe alcóil agus le réimse leathan de chásanna dlí teaghlaigh, colscaradh agus scaradh breithiúnach ina measc. Bíonn breitheamh agus giúiré ina suí sa Chúirt Chuarda nuair a bhíonn cúrsaí coiriúla i gceist, agus is féidir leis an gcúirt seo déileáil le gach rud ach amháin na cionta is tromchúisí mar dhúnmharú agus éigniú. Éisteann an Chúirt Chuarda achomhairc ón gCúirt Dúiche maidir le ceisteanna sibhialta agus coiriúla.

## AN ARD-CHÚIRT

Suíonn an Ard-Chúirt i mBaile Átha Cliath go háirithe agus tá sé de chumhacht aici gach cás coiriúil agus sibhialta (cásanna dlí teaghlaigh san áireamh) a éisteacht ach de ghnáth ní éisteann sí ach leis na cásanna sin nach féidir leis na cúirteanna níos ísle déileáil leo. Ciallaíonn sé seo go n-éisteann sí le caingne sibhialta nuair atá breis agus €75,000 (€60,000 i gcásanna díobhála pearsanta) á éileamh. Éisteann sí le hachomhairc freisin ón gCúirt Chuarda maidir le ceisteanna sibhialta agus is féidir léi rialaithe a dhéanamh faoi cheisteanna dlí a tharraingítear anuas sa Chúirt Dúiche. Tugtar an Phríomh-Chúirt Choiriúil ar an Ard-Chúirt nuair a bhíonn sí ag déileáil le cásanna coiriúla. Triailleann sí coireanna den chineál is tromchúisí, mar dhúnmharú agus éigniú, nach féidir leis an gCúirt Chuarda déileáil leo. Breitheamh agus giúiré a thriaileann na cásanna sin.



## AN CHÚIRT ACHOMHAIRC

Éisteann an Chúirt Achomhairc achomhairc i gcásanna sibhialta ón Ard-Chúirt agus achomhairc i gcásanna coiriúla ón gCúirt Chuarda, an Phríomh-Chúirt Choiriúil nó an Chúirt Choiriúil Speisialta. Is féidir é rialú faoi cheisteanna dlí a tharraingítear sa Chúirt Chuarda.

## AN CÚIRT UACHTARACH

Is í an Chúirt Uachtarach an chúirt is airde sa tír. Éisteann sí achomhairc ón gCúirt Achomhairc agus ón Ard-Chúirt sna himthosca teoranta atá leagtha amach sa Bhunreacht. Tá sé de chumhacht ag an uachtarán aon bhille a ritheann an tOireachtas a sheoladh chun na Cúirte Uachtaraí le cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé bunreachtúil nó míbhunreachtúil.

## AN CHÚIRT CHOIRIÚIL SPEISIALTA

Suíonn triúr breithiúna gan giúiré ar bith acu sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Cúiseamh coiriúil a bhaineann le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta is mó a bhíonn idir lámha acu. Bíonn cúiseamh á phlé acu le déanaí a bhaineann le gníomhaíocht eagraithe drugaí. Bhunaigh an rialtas an chúirt seo chun cásanna a éisteacht nach bhféadfaí a éisteacht sna gnáthchúirteanna ar eagla go ndéanfaí imeaglú ar an ngiúiré.

Is é an bealach ba dhóichí go mbeadh páirt agat sna cúrsaí seo ná go dtionscnófá caingean tú féin, éilimh maidir le díobháil phearsanta mar shampla, nó toisc go n-iarrfaí ort freastal ar an gcúirt mar fhinné nó mar ghiúróir.



### 3. AN CHAOI A D'FHÉADFADH PÁIRT A BHEITH AGAT I BPRÓISEAS NA CÚIRTE



Má thionscnaíonn duine cás in aghaidh duine eile is é an páirtí gníomhach an té sin agus tugtar **'an dlíthí'** air nó uirthi toisc páirt a ghlacadh i ndlíthíocht. **'An gearánaí'** a thugtar ar dhuine a thionscnaíonn éileamh. **'An cosantóir'** a thugtar ar dhuine a chosnaíonn in aghaidh éilimh.

**'An t-íospartach'** a thugtar de ghnáth ar an té a gortaíodh nó a chaill rud éigin de thoradh coire. Is éard a thugtar ar dhuine atá á (h)ionchúiseamh as

coir ná an **cúisí**. Ní bhíonn íospartach an p(h)áirtí de na himeachtaí cúirte i gcás coiriúil mar is é an stát féin a bhíonn i mbun an ionchúisimh. Uaireanta iarrtar ar dhaoine a chonaic timpiste bóthair nó coir á dhéanamh teacht mar **fhinnéithe** agus an cás á thriail. Sa chás sin ní mór dóibh mionn a ghlacadh agus an fhírinne a mhaíomh i leith gach ceist a chuirtear orthu. Mionn éithigh a thugtar ar fhianaise bréige a thabhairt faoi mhionn. D'fheadfaí a iarraidh ar shaineolaithe mar innealtóirí nó dochtúirí teacht agus fi anaise a thabhairt faoin réimse saineolais atá acu.

Tá triail le giúiré ar cheann de na cearta is bunúsaí i gcóras daonlathach. Roghnaítear daoine atá ar an gclár toghthóirí le bheith ina mbaill de ghiúiré agus má ghlaoitear ort caithfidh tú é sin a dhéanamh (tá daoine mar ghardaí agus oifigh phríosúin díolmhaithe ó sheirbhís ghiúiré agus is féidir le daoine mar dhochtúirí agus mic léinn lánaimseartha a scaoileadh ón dualgas seo freisin). Is coir é gan a bheith i láthair sa chúirt ar an dáta atá léirithe ar an toghairm ghiúiré. Dáréag a bhíonn ar ghiúiré, agus is é an dualgas a bhíonn orthu ag triail choiriúil ná cinneadh a dhéanamh an bhfuil an cúisí ciontach nó neamhchiontach. Déanann siad an fhianaise a mheas i dtríail shibhialta agus déanann siad cinneadh i bhfabhar an ghearánaí nó an chosantóra. Tugann an breitheamh treoir don ghiúiré faoi cheisteanna dlí, agus déanann sé (nó sí) coimriú ar an bhfianaise, ach is é an giúiré a dhéanann fíricí an cháis a mheas agus a thugann a bhreith.

## CHÁS CHOIRIÚIL

Gabhadh Micheál agus cuireadh ina leith go ndearna sé gortú tromchúiseach do chúntóir siopa darbh ainm Linda. Deir an t-ionchúiseoir gur bhrúigh Micheál Linda síos ar an gcuntar agus gur bhuail sé a ceann ina choinne arís is arís eile sa chaoi is gur bhris sé blaosc a cinn. Tá Micheál tar éis a insint dá dhlíodóir gur chuir an cúnatóir siopa ina leith go ndearna sé iarracht goid ón siopa. Deir sé gur ionsaigh Linda é, agus gur thit sí agus gurbh in é an chaoi ar gortaíodh í.


Labhraíonn abhcóide thar cheann Mhichíl. Tá treoracha faighte aigesean (nó aicise) ó aturnae. Is é an Stát a thugann an t-ionchúiseamh ar aghaidh agus labhraíonn aturnae a fuair treoracha ón bPríomh-Abhcóide Ionchúisimh thar a cheann. Cúisíodh Micheál sa Chúirt Dúiche ar dtús ach cuireadh ar aghaidh go dtí an Chúirt Chuarda é lena thriail toisc a thromchúisí is a bhí an cion. Cinntíonn an Breitheamh sa Chúirt Chuarda go réachtáiltear an triail ar bhealach cothrom cóir i gcónaí. Ní thugann an Breitheamh cead don Stát fianaise a thabhairt gur ciontaíodh Micheál cheana féin de bharr ionsaí a dhéanamh. Níl cead ag abhcóide treoircheisteanna a chur. Is ceisteanna iad sin a chuireann i dtuiscint dá bhfinnéithe féin na freagraí atá ag teastáil. Níl cead ag abhcóide Mhichíl, mar shampla, ceist a chur air “Nár chuir Linda i do leith gur ghoid tú ón siopa?”

Cloiseann an giúiré an fhianaise go léir a chuirtear os a gcomhair mar aon le fianaise na bhfinnéithe súl a bhí sa siopa nuair a tharla an eachtra, agus éistean siad le haighnis na ndlíodóirí. Labhraíonn an breitheamh leis an ngiúiré ansin. Tugann sé gearrchuntas dóibh ar na fíricí ábhartha agus míníonn na prionsabail dlíthiúla atá i gceist. Míníonn sé go háirithe nach féidir leo Micheál a chiontú mura bhfuil siad sásta ‘gan aon amhras réasúnach’ go bhfuil sé ciontach. Imíonn an giúiré leo ansin go seomra eile chun an fhianaise go léir atá cloiste acu a mheas. Nuair a fhilleann siad ar an gcúirt insítear don bhreitheamh go bhfuair siad Micheál ciontach as an gcoir a cuireadh ina leith. Caithfidh an breitheamh cinneadh a dhéanamh ansin an pionós a ghearrfaidh sé air ach gan an méid a cheadaítear don choir sin a shárú.

## 5. CÉ HIAD NA DAOINE SA SEOMRA CÚIRTE?

- A. **Breitheamh** a bhíonn i gceannas ar imeachtaí cúirte agus is iadsan a dhéanann cinneadh faoi aon cheist dlí a thagann chun cinn sa chás. Mura mbíonn giúiré ann don chás is é an breitheamh féin a thugann breith an bhfuil an cúisí ciontach nó neamhchiontach nó cé acu páirtí a bhuan caingean sibhialta.
- B. Suíonn **an cláraitheoir** os comhair an bhreithimh chun aon ordú a thugann siad a thaifeadadh. Cuireann an cláraitheoir an giúiré agus na finnétithe faoi mhionn freisin.
- C. Suíonn **an finné** ar leataobh an bhreithimh agus tugann fianaise sa chúirt phoiblí.
- D. Suíonn **an giúiré** ar leataobh na cúirte áit a mbíonn radharc maith acu ar an mbreitheamh agus ar aon fhinné atá ann.
- E. Oibríonn an **cúntóir breithiúnach** leis an mbreitheamh. I measc na ndualgas atá aige nó aici bíonn ar an ngiolla seo thaighde dlí a dhéanamh don bhreitheamh agus a fhógairt go bhfuil an breitheamh ag teacht chun na cúirte nó ag imeacht.
- F. Bíonn an **t-abhcóide** os comhair an bhreithimh agus na bhfinnéithe. Is é gnó an abhcóide cás a gcliaint a chur, an dlí iomchuí a lua agus na finnétithe a cheistiú faoin bhfianaise a thugann siad. Is é an t-aturnae a fhostaíonn an t-abhcóide thar ceann a gcliaint.
- G. Suíonn an **t-aturnae** os comhair an abhcóide agus tugann treoracha dó nó di le linn an cháis. Oibríonn an t-aturnae i gcomhar leis an abhcóide agus leis an gcliant agus iad ag ullmhú don chás agus bailiú fianaise. Tá aturnae cosúil le habhcóide sa mhéid is gur féidir leis nó léi cás a c(h)liant a chur, an dlí iomchuí a lua agus na finnétithe a cheistiú faoin fhianaise a thugann siad.





- H. **Taifeadh go digiteach** gach rud a deirtear sa chúirt le linn an cás, áirítear aon fhianaise a thug finnítthe.
- I. Suíonn **an t-oifigeach príosúin** sa chúirt leis an gcúisí má bhí an cúisí i gcoimeád.
- J. Tagann **an cúisí** os comhair na cúirte cúisithe as coir. Má tá sé / sí faoi choimeád, suíonn sé / sí sa duga.
- K. Is féidir le **baill den phobal** suí sa chúirt agus éist le aon chás ach amháin má tá sé á éisteacht go príobháideach



6.

TREOIR  
THAPA  
DO

## CHÁS SIBHIALTA

D'fhostaigh Máire comhlacht tógálaithe darbh ainm Fab Construction chun a teach nua a athchóiriú agus a mhéadú. Dúirt sí nach raibh sí sásta le caighdeán na hoibre nuair a chríochnaigh siad í. Dhiúltaigh sí foc as, agus thug na tógálaithe treoir dá n-aturnaetha dul chun dlí léi sa Chúirt Chuarda chun an €40,000 a fháil a deir siad atá ag dul dóibh faoi théarmaí an chonartha thógála a rinne siad i scríbhinn léi. Is é Fab Construction an gearánaí sa chás seo agus is í Máire an cosantóir.

Ullmhaíonn aturnaetha Fab Construction cáipéis ar a dtugtar bille sibhialta sula dtéann an cás chun cúirte. Míníonn sé seo an bunús atá lena n-éileamh agus déantar é a lóisteáil in oifig na Cúirte Cuarda. Déanann aturnaetha Mháire díospóid in aghaidh an éilimh, agus ullmhaíonn siad cáipéis ar a dtugtar **cosaint** is a deir nár chríochnaigh na tógálaithe an obair de réir sonraíochtaí Mháire agus nach bhfuil aon airgead ag dul dóibh dá bharr sin. Shocraigh Máire agus Fab Construction roimh éisteacht na cúirte go ndéanfadh a n-innealtóirí foirgníochta féin an teach a iniúchadh le chéile.

Bhí a n-abhcóide féin acu freisin lá na héisteachta le labhairt ar a son sa chúirt. Ghlaoigh Fab Construction ar a n-innealtóir mar fhinné saineolach le cuntas a thabhairt ar an obair a rinneadh ar theach Mháire agus le fianaise a thabhairt go raibh an obair sin sásúil. Thug innealtóir Mháire fianaise nach ndearnadh taisdiónadh ar an áit i gceart de réir na dtreoracha a thug sí. D'éist an breitheamh le fianaise an dá thaobh agus leis na hargóintí dlíthiúla. Ghlac sé le fianaise Fab Construction go ndearnadh formhór na hoibre de réir an chonartha thógála. Ghlac sé le fianaise Mháire freisin go raibh fadhb fós ann maidir le taise. Ar an ábhar sin ceadaiigh sé lacáiste de €10,000 ar an méid a bhí ag dul do na tógálaithe agus d'ordaigh sé di €30,000 a íoc. D'ordaigh sé freisin go n-íocfadh Máire costais dlíthiúla na dtógálaithe maidir leis an gcaingean.

Ní gá don ghearánaí a chur ina luí ar an mbreitheamh i dtríail shibhialta go bhfuil an ceart aige nó aici 'gan aon amhras réasúnach'. Is leor an cás a chruthú ar chothrom na dóchúlachta - ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an gearánaí a chruthú go bhfuil a leagan féin den scéal níos cosúla nó níos inchreidte ná leagan an chosantóra.

## TEAGMHÁLACHA ÚSÁIDEACHA

---

Tá an tSeirbhís Chúirteanna freagrach as riaradh agus bainistíocht na gcúirteanna in Éireann:

### **Oifig Faisneise, An tSeirbhís Chúirteanna**

15/24 Sráid an Fionnuisce Thuaidh

Margadh na Feirme

Baile Átha Cliath 7

Teil: 01 888 6459

[www.courts.ie](http://www.courts.ie)

Is éard atá i Faisnéis do Shaoránaigh ná láithreán gréasáin ríomhRialtas na hÉireann arna chur ar fáil ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Cuirtear faisnéis faoin tseirbhís phoiblí in Éirinn ar fáil ar an láithreán (lena n-áirítear faisnéis faoi chúrsaí dlí agus cirt).

[www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie)

